Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2024 (OR. en)**

**8539/24**

**FIN 343**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Aibreán 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 921 final |
| Ábhar: | Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann le buiséad ginearálta 2024: Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a threisiú tar éis aontachas na Polainne agus rannpháirtíocht ionchasach na Sualainne |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 921 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 921 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.4.2024
COM(2024) 921 final

2024/0090 (BUD)

Togra le haghaidh

**DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH Uimh. 3**
**A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2024**

**Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a threisiú tar éis aontachas na Polainne agus rannpháirtíocht ionchasach na Sualainne**

GA GA

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Tháinig Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1] i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (...)[2], agus go háirithe Airteagal 44 de,

– buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, a glacadh an 22 Samhain 2023[3],

– dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2024[4], a glacadh an 29 Feabhra 2024,

– dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2024[5], a glacadh an [9 Aibreán 2024],

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 3 a ghabhann le buiséad 2024 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

## ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III féin le fáil ar EUR-Lex (https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-ga.htm).

1 Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020.

2 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018.

3 IO L 2024/207, 22.2.2024.

4 COM(2024) 80 final.

5 COM(2024) 920 final.

**<u>MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN</u>**

## 1. RÉAMHRÁ

Is é is cuspóir do Dhréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 3 le haghaidh na bliana 2024 (DBL 3/2024) an treisiú is gá a thabhairt isteach d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') tar éis an chinnidh ón gCoimisiún lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na Polainne sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE a glacadh an 29 Feabhra 2024[6], chomh maith le rannpháirtíocht ionchasach na Sualainne.

Ar an iomlán, is é méadú EUR 3,6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí tionchar glan DBL 3/2024 ar chaiteachas.

## 2. OIFIG AN IONCHÚISITHEORA PHOIBLÍ EORPAIGH (OIPE)

Ó bunaíodh é, tá 22 Bhallstát rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE faoi Rialachán (AE) 2017/1939[7]. An 29 Feabhra 2024, dheimhnigh an Coimisiún rannpháirtíocht na Polainne sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE, tar éis don Pholainn fógra a thabhairt go bhfuil sé ar intinn aici a bheith rannpháirteach an 5 Eanáir 2024. Tá coinne leis go ndeimhneofar aontachas na Sualainne amach anseo sna míonna amach romhainn.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún in DBL 3/2024 OIPE a threisiú trí fhiche post breise atá ábhartha don phlean bunaíochta a leithdháileadh chun Ionchúisitheoirí Eorpacha a earcú agus le haghaidh na bhfeidhmeanna tacaíochta is gá, chun an t-ualach oibre breise mar gheall ar dhá Bhallstát rannpháirteacha breise a chur san áireamh. Moltar buiséad OIPE a mhéadú EUR 3,6 milliún chun go gcumhdófar, don chuid eile den bhliain 2024, an caiteachas a bhaineann le rannpháirtíocht na Polainne agus na Sualainne, a bhaineann le tuarastail na foirne atá le fostú chomh maith le caiteachas oibríochtúil, lena n-áirítear tuarastail Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha breise atá le ceapadh sa Pholainn agus sa tSualainn.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 07 10 08 | Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) | 3 600 000 | 3 600 000 |
| **Iomlán** | | **3 600 000** | **3 600 000** |

Ós rud é nach bhfuil corrlach ann i bhfo-cheannteideal 2b (Athléimneacht agus Luachanna), tá sé beartaithe an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh le haghaidh an treisithe sin.

Leagtar amach san iarscríbhinn bhuiséadach na hathruithe gaolmhara ar an bplean bunaíochta.

## 3. MAOINIÚ

Ar an iomlán, is é méadú EUR 3,6 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí tionchar glan DBL 3/2024 ar chaiteachas.

6 Cinneadh (AE) 2024/807 ón gCoimisiún an 29 Feabhra 2024 lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na Polainne sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L, 2024/807, 29.2.2024).

7 Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.

Ós rud é nach bhfuil corrlaigh ná spás le haghaidh ath-imlonnú ann faoi fho-cheannteideal 2b, molann an Coimisiún an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093[8] i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh méid EUR 3,6 milliún le haghaidh fho-cheannteideal 2b Athléimneacht agus Luachanna chun OIPE a threisiú.

Meastar gurb é EUR 1 738,0 milliún atá i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 2024 a bhaineann le slógadh na hIonstraime Solúbthachta sna blianta 2021 go 2024. Tá sceideal íocaíochta measta na méideanna gaolmhara gan íoc do na blianta sin sonraithe sa tábla seo a leanas:

| *An Ionstraim Sholúbthachta - próifíl íocaíochta (i milliúin EUR)* | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| *Bliain slógtha* | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **Iomlán** |
| 2021 | 7,6 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | **7,6** |
| 2022 | 49,8 | 36,7 | 0,0 | 0,0 | **86,5** |
| 2023 | 279,0 | 120,6 | 83,2 | 0,0 | **482,8** |
| 2024 | 1 401,6 | 107,6 | 83,7 | 46,3 | **1 639,1** |
| **Iomlán** | **1 738,0** | **265,0** | **166,9** | **46,3** | **2 216,1** |

8 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027, IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11.

## 4. TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI

*In EUR*

| | | Buiséad 2024 (lena n-áirítear DBL 1-2/2024) | | Dréachtbhuiséad Leasaitheach 3/2024 | | Buiséad 2024 (lena n-áirítear DBL 1-3/2024) | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | CA | PA | CA | PA | CA | PA |
| 1 | **An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha** | **21 493 372 987** | **20 827 967 003** | | | **21 493 372 987** | **20 827 967 003** |
| | *Uasteorainn* | *21 598 000 000* | | | | *21 598 000 000* | |
| | *Corrlach* | *104 627 013* | | | | *104 627 013* | |
| 2 | **Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | **74 560 690 949** | **33 715 996 204** | **3 600 000** | **3 600 000** | **74 564 290 949** | **33 719 596 204** |
| | *Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *1 289 495 333* | | *3 600 000* | | *1 293 095 333* | |
| | *Uasteorainn* | *73 289 000 000* | | | | *73 289 000 000* | |
| | *Corrlach* | *17 804 384* | | | | *17 804 384* | |
| 2a. | Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach | 64 665 195 616 | 24 155 654 152 | | | 64 665 195 616 | 24 155 654 152 |
| | *Uasteorainn* | *64 683 000 000* | | | | *64 683 000 000* | |
| | *Corrlach* | *17 804 384* | | | | *17 804 384* | |
| 2b. | Athléimneacht agus luachanna | 9 895 495 333 | 9 560 342 052 | 3 600 000 | 3 600 000 | 9 899 095 333 | 9 563 942 052 |
| | *Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *1 289 495 333* | | *3 600 000* | | *1 293 095 333* | |
| | *Uasteorainn* | *8 606 000 000* | | | | *8 606 000 000* | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| 3 | **Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** | **57 338 630 839** | **54 151 402 941** | | | **57 338 630 839** | **54 151 402 941** |
| | *Uasteorainn* | *57 449 000 000* | | | | *57 449 000 000* | |
| | *Corrlach* | *110 369 161* | | | | *110 369 161* | |
| | **Lena n-áirítear: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha** | **40 517 278 000** | **40 505 482 213** | | | **40 517 278 000** | **40 505 482 213** |
| | *Fo- uasteorainn CERT* | *41 649 000 000* | | | | *41 649 000 000* | |
| | *An difríocht slánaithe fágtha as an áireamh chun an fochorrlach a ríomh* | *722 000* | | | | *722 000* | |
| | *Glanaistrithe idir CERT agus CETFT* | *-1 046 000 000* | | | | *-1 046 000 000* | |
| | *An t- iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT (fo-uasteorainn arna ceartú le haistrithe idir CERT agus CETFT)* | *40 603 000 000* | | | | *40 603 000 000* | |
| | *Fochorrlach CERT* | *85 722 000* | | | | *85 722 000* | |
| 4 | **Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | **3 892 705 671** | **3 248 967 443** | | | **3 892 705 671** | **3 248 967 443** |
| | *Uasteorainn* | *4 020 000 000* | | | | *4 020 000 000* | |
| | *Corrlach* | *127 294 329* | | | | *127 294 329* | |
| 5 | **Slándáil agus Cosaint** | **2 697 177 926** | **2 035 413 531** | | | **2 697 177 926** | **2 035 413 531** |
| | *Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *317 177 926* | | | | *317 177 926* | |
| | *Uasteorainn* | *2 380 000 000* | | | | *2 380 000 000* | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| 6 | **An Chomharsanacht agus an Domhan** | **16 731 000 000** | **15 315 050 313** | | | **16 731 000 000** | **15 315 050 313** |
| | *Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta* | *28 828 204* | | | | *28 828 204* | |
| | *Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)* | *371 171 796* | | | | *371 171 796* | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | *Uasteorainn* | *16 331 000 000* | | | | *16 331 000 000* | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| **7** | **An Riarachán Poiblí Eorpach** | **11 988 000 603** | **11 988 000 603** | | | **11 988 000 603** | **11 988 000 603** |
| | *Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)* | *215 000 603* | | | | *215 000 603* | |
| | *Uasteorainn* | *11 773 000 000* | | | | *11 773 000 000* | |
| | *Corrlach* | | | | | | |
| | **lena n-áirítear: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí** | **9 175 375 841** | **9 175 375 841** | | | **9 175 375 841** | **9 175 375 841** |
| | *Fo-uasteorainn* | *9 006 000 000* | | | | *9 006 000 000* | |
| | *Fochorrlach* | | | | | | |
| | **Leithreasuithe le haghaidh ceannteideal** | **188 701 578 975** | **141 282 798 038** | **3 600 000** | **3 600 000** | **188 705 178 975** | **141 286 398 038** |
| | ***Uasteorainn*** | ***186 840 000 000*** | ***170 543 000 000*** | | | ***186 840 000 000*** | ***170 543 000 000*** |
| | ***Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta*** | ***1 635 501 463*** | ***1 734 392 297*** | ***3 600 000*** | ***3 600 000*** | ***1 639 101 463*** | ***1 737 992 297*** |
| | ***Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)*** | ***586 172 399*** | | | | ***586 172 399*** | |
| | ***Corrlach*** | ***360 094 887*** | ***30 994 594 259*** | | | ***360 094 887*** | ***30 994 594 259*** |
| | **Ionstraimí speisialta téamacha** | **6 517 600 432** | **5 491 076 559** | | | **6 517 600 432** | **5 491 076 559** |
| | **Iomlán na leithreasuithe** | **195 219 179 407** | **146 773 874 597** | **3 600 000** | **3 600 000** | **195 222 779 407** | **146 777 474 597** |